

SAMHAIL NUA MAIDIR LE LEITHDHÁILEADH UM MHÚINTEOIRÍ OIDEACHAS SPEISIALTA AR SCOILEANNA PRÍOMHSHRUTHA

Bealach níos fearr agus níos cothroime



TREOIR DO THUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ AGUS SCOLÁIRÍ

ÁBHAIR

Réamhrá	4
- Sa tsamhail nua déantar múinteoirí a leithdháileadh ar scoileanna bunaithe ar phróifílí scoileanna	4
- Leis an samhail leithdháilte nua tiocfaidh líon feabhsuithe do thuismitheoirí agus do leanaí	4
- Cén fáth ar athraigh an córas leithdháilte?	5
- Moltaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre de chuid an NCSE	6
Roinnt Ceistanna & Freagraí	7 - 19



Bealach níos fearr agus níos cothroime



RÉAMHRÁ

Tugadh isteach samhail nua le Múinteoirí Oideachas Speisialta a leithdháileadh ar scoileanna príomhshrutha ó mhí Mheán Fómhair 2017.

Tá sonraí iomlána faoin tsamhail nua leithdháilte ar fáil ar:

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0013_2017_ir.pdf

https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0014_2017_ir.pdf

SA TSAMHAIL NUA DÉANTAR MÚINTEOIRÍ A LEITHDHÁILEADH AR SCOIL:

1. Leithdháileadh bonnlíne a léiríonn méid na scoile lena chinntiú go mbíonn acmhainní ar fáil láithreach chun iad a chumasú le bheith mar scoil uileghabhálach agus le tacaíocht teagaisc bhreise a chur i bhfeidhm do na scoláirí a mbíonn sé ag teastáil uathu.

Agus

2. Próifíl oideachais de gach scoil bunaithe ar thrí réimse leathan:

- líon na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachas chasta acu
- torthaí na dtástálacha caighdeánaithe
- an comhthéacs sóisialta de gach scoil agus míbhuntáiste agus inscne á gcur san áireamh

Tá leithdháiltí déanta anois ar na scoileanna uile bunaithe ar phróifíl na scoile.

LEIS AN SAMHAIL LEITHDHÁILTE NUA TIOCFAIDH LÍON FEABHSUITHE DO THUISMITHEOIRÍ AGUS DO LEANAÍ

- Cuirtear na hacmhainní riachtanacha ar fáil do scoileanna anois roimh ré ionas gur féidir na leanaí ar fad a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a chlárú le scoileanna agus teacht ar thacaíochtaí breise ar bhonn riachtanas.
- Ní bheidh ar thuismitheoirí measúnuithe a aimsiú ná íoc astu ionas go bhfaighidh a leanbh tacaíocht teagaisc bhreise ar scoil agus ní bheidh ar scoileanna fanacht le haghaidh na measúnuithe seo leis an tacaíocht teagaisc bhreise atá ag teastáil uathu a thabhairt dóibh.
- Ní gá go ndéanfar diagnóis ar leanaí a bhfuil riocht ar leith acu le bheith i dteideal cúnamh teagaisc breise a fháil.
- Sa tsamhail nua tugtar níos mó saoirse do scoileanna le cuidiú teagaisc breise a thabhairt do na daltaí is mó a mbíonn sé de dhíth orthu, is cuma faoin diagnóis a dhéantar orthu.
- Ní gá do scoileanna méid ama socraithe a thabhairt do dhaltaí bunaithe ar an gcatagóir mhíchumais ina bhfuil siad. Is féidir leo an cuidiú is mó a thabhairt do na daltaí a mbíonn an tacaíocht is mó ag teastáil uathu agus na hacmhainní a leithdháileadh bunaithe ar riachtanais.
- Tabharfaidh scoileanna tacaíocht do dhaltaí sa ghrúpa ranga uile, i ngrúpaí beaga, agus duine le duine. Tabharfaidh siad tacaíocht do dhaltaí ar bhealaí éagsúla, de réir mar is gá.
- Déanfar scoileanna a thús-ualú le hacmhainní gan mhoill, bunaithe ar an bpróifíl de gach scoil, le tacaíochtaí a thabhairt do na daltaí sin a bhfuil sé de dhíth orthu.
- Mar thoradh ar an leithdháileadh bonnlíne bunaithe ar mhéid na scoile agus an leithdháileadh próifílithe beidh leithdháileadh níos córa ann do gach scoil a aithníonn go mbíonn leithdháileadh ag teastáil ó na scoileanna ar fad le haghaidh tacaíochta riachtanais speisialta, ach a chuireann san áireamh fíorleibhéal riachtanais na ndaltaí i ngach scoil.

- Mar thoradh ar an tsamhail a thabhairt isteach bíonn na múinteoirí agus gairmithe seachtracha in ann díriú ar riachtanais a aithint chun cur leis an ionchur seachas díriú ar na measúnuithe chun críche leithdháilte acmhainní.
- Tá 900 múinteoir oideachas speisialta nua á gcur ar fáil do scoileanna faoin tsamhail nua ionas go mbeidh níos mó múinteoirí oideachas speisialta i scoileanna.

CÉN FÁTH AR ATHRAIGH AN CÓRAS LEITHDHÁILTE?

Scrúdaigh Sainghrúpa Oibre, faoi threoir na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), an córas maidir le tacaíochtaí teagaisc oideachas speisialta breise a leithdháileadh ar scoileanna agus rinne sé líon moltaí le go mbeadh sé níos cothroime.

Tá Tuarascáil Iomlán an Ghrúpa Oibre ar fáil ar:

http://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/11/Solathar-do-Dhal-tai-17_06_14web-accessible-Irish.pdf

Is iad seo a leanas na cúiseanna ar moladh athruithe ar an gcóras leithdháilte i dTuarascáil an Ghrúpa Oibre de chuid an NCSE -

An Córas Roimhe seo	Ní raibh sé seo cóir:
Fuair na bunscoileanna agus iarbunscoileanna ar fad Múinteoirí Tacaíochta Foghlama chun cuidiú le scoláirí a raibh deacrachtaí foghlama acu, ar bhonn líon na múinteoirí ranga nó líon na scoláirí i ngach scoil.	Mar is féidir leis an riachtanas le haghaidh tacaíochta foghlama a bheith éagsúil idir scoil amháin agus scoil eile, ach níor chuir an seanchóras próifíl na scoile san áireamh, mar den chuid is mó bunaíodh ar mhéid na scoile é amháin. Sa chóras nua breathnaítear ar bpróifíl na scoil freisin.
Sa chóras roimhe seo bhí gá go mbeadh diagnóis mhíchumais fhoirmiúil ann sular cuireadh tacaíocht teagaisc acmhainne ar fáil.	Mar bhí cuid mhór scoláirí ar liostaí feithimh fada le diagnóis mhíchumais fhoirmiúil agus ghairmiúil a fháil a d'fhéadfadh moill a chur ar an bhfáil a bhí acu uaireanta ar thacaíocht teagaisc oideachas speisialta breise.
Bhí ar roinnt tuismitheoirí cuid mhór airgid a íoc le haghaidh comhairleoirí príobháideacha chun diagnóis a dhéanamh ar a leanaí.	Mar ba chóir go mbeadh rochtain ar thacaíocht teagaisc oideachas speisialta breise cothrom agus níor chóir go mbeifí ag brath ar an gcumas atá ag teaghlach le híoc as seirbhísí diagnóiseacha.
Fuair gach scoláire sa chatagóir mhíchumais chéanna an leibhéal céanna tacaíochta teagaisc acmhainne, ba chuma faoin aois nó cumas a bhí acu.	Mar d'fhéadfadh riachtanais tacaíochta a bheadh an-éagsúil a bheith ag scoláirí atá sa chatagóir mhíchumais chéanna. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh riachtanais fhisiceacha an-suntasach ag scoláire atá faoi mhíchumas fisiceach, ar nós deacrachtaí gluaiseachta agus deacrachtaí eile ina mbíonn gá le leibhéal ard tacaíochta, agus b'fhéidir go mbeadh cathaoir rothaí in úsáid ag scoláire eile agus gan ach beagán tacaíochta breise ag teastáil uaidh/uaithe.
Glacann sé am do ghairmithe sláinte agus oideachais diagnóis a dhéanamh ar mhíchumas linbh.	Mar bhí an bhéim curtha ar an diagnóis le cinneadh a dhéanamh faoin gcáilitheacht le haghaidh acmhainní teagaisc breise agus níos lú béime ar an ionchur agus ar an monatóireacht a dhéantar ar thorthaí.

ROINNT CEISTEANNA & FREAGRAÍ



1. Conas a bheidh a fhios agam má bhíonn teacht ag mo leanbh ar thacaíocht bhreise ar scoil agus cé mhéad tacaíochta ba chóir dó/di a fháil?

Is iad na scoileanna iad féin atá sa suíomh is fearr le cinneadh a dhéanamh cé acu an bhfuil an leibhéal is airde tacaíochta ag teastáil uathu bunaithe ar an measúnú agus monatóireacht atá déanta acu ar riachtanais fhoghlama a ndaltaí ina scoil féin.

Eisíodh treoirlínte chuig scoileanna chun tacú leo agus acmhainní á leithdháileadh acu ar dhaltaí ar an mbonn riachtanais.

Mar thoradh ar seo cuidítear le scoileanna na daltaí a aithint le tacaíocht a fháil ag trí leibhéal éagsúla:

- leibhéal an tseomra ranga arb é an múinteoir ranga/ábhair an príomhdhuine atá bainteach leis
- leibhéal tacaíochta na scoile ina bhfuil baint ag múinteoirí tacaíochta breise leis agus
- leibhéal tacaíochta na scoile + ina bhféadfadh leanaí a bhfuil riachtanais fhoghlama níos casta acu clár ar leith a bheith i bhfeidhm dóibh

Féadfaidh tuismitheoirí tuilleadh a fhoghlaim faoin Leanúntas Tacaíochta ar:

https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/neps_primary_continuum_guidelines_ir.pdf

Déanfar na cinntí maidir leis an slí a mbaintear úsáid as múinteoirí oideachas speisialta ag leibhéal na scoile. Agus gnáthobair ranga á déanamh, obair bhaile agus caidreamh ginearálta sa rang agus measúnú scoilbhunaithe tá múinteoirí in ann na scoláirí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu a aithint.

Déanann scoileanna an cinneadh maidir leis an leibhéal tacaíochta atá ag teastáil chun freastal ar riachtanas ar leith an duine bunaithe ar raon gnéithe, feidhmíocht acadúil, caidreamh sóisialta, rannpháirtíocht etc. san áireamh.

Beidh an méid tacaíochta breise a chuirtear ar fáil éagsúil idir scoláire amháin agus scoláire eile.

Baineann scoileanna úsáid as a n-acmhainní ar bhealaí éagsúla chun an oiread tacaíochta agus is féidir a chur ar fáil do scoláirí. Is féidir leis an múinteoir ranga tacaíocht teagasc bhreise a chur ar fáil sa ghnáthsheomra ranga nó trí theagasc foirne a dhéanamh le múinteoir tacaíochta. Is féidir é a chur ar fáil freisin trí ghrúpaí beaga a theagasc laistigh agus lasmuigh den tseomra ranga nó trí theagasc a dhéanamh duine le duine.

S'éard atá i gceist i gcónaí go gcuirtear an leibhéal tacaíochta is fearr do scoláirí a bhfuil an leibhéal riachtanais is mó acu agus go bhfreastalaíonn an tacaíocht ar riachtanais fhoghlama aitheanta an scoláire.

2. Cad dó a ndéanann an leanúntas tacaíochta soláthar?

Bíonn leibhéil éagsúla tacaíochta ag teastáil ó dhaltaí ag brath ar a gcuid riachtanas oideachais aitheanta.

Sa leanúnachas tacaíochta aithnítear go mbíonn riachtanais speisialta oideachas le fáil ar scála, ó chinn atá éadrom go dtí cinn throma, agus ó chinn shealadacha go dtí cinn fhadtréimhse.

Beidh leibhéal an riachtanais atá ag dalta mar bhonn eolais ó thaobh cé mhéad cuidiú breise a bheadh ag teastáil uaidh/ uaithe agus conas ba chóir dó/ di é a fháil, cé acu an cuidiú breise é sa seomra ranga, i ngrúpaí beaga, nó mar chuidiú aonair má bhíonn leibhéil riachtanais arda aige/aici.

3. Conas a bheidh a fhios ag scoil cé mhéad tacaíochta ba chóir a thabhairt do dhaltáí ar leith ón leithdháileadh iomlán?

Cuireadh treoirlínte le chéile chun cuidiú le scoileanna:

- Daltáí a aithint a mbíonn tacaíocht de dhíth orthu
- Tús áite a thabhairt do dhaltáí a bhfuil an leibhéal riachtanais is airde acu le cuidiú breise a fháil
- Cláir fhoghlama ar bhonn aonair a phleanáil
- Monatóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar an dul chun cinn

Tá na treoirlínte seo ar fáil ar:

<https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/Treoirlínte-do-Bhunscoileanna-Ag-Tacu-le-Daltai-i-Scoileanna-Priomhshru-tha-a-bhfuil-Riachtanais-Speisialta-Oideachais-acu.pdf>

<https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/treoirlínte-diar-bhunscoileanna-ag-tacu-le-daltai-i-scoileanna-priomhshru-tha-a-bhfuil-riachtanais-speisialta-oideachais-acu.pdf>

4. An mbeidh scoileanna in ann é seo a dhéanamh?

Mar a tharlaíonn le hathrú ar bith, tá sé go hiomlán intuigthe go mbeidh ábhair inní ag tuismitheoirí áirithe nach gcuirfidh an córas seo an tacaíocht atá ag teastáil óna leanbh ar fáil. Leis an samhail seo a thástáil, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi thionscadal píolótach thar tréimhse na scoilbhliana 2015/16. Rinne an Chigireacht athbhreithniú ar an tionscadal a d'fhoilsigh miontuarascáil maidir leis na torthaí.

B'fhéidir gur mian le tuismitheoirí an t-athbhreithniú foilsithe a léamh atá ar fáil ar:

<https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirlínte-Meastóireachta/Athbhreithniú-ar-an-Staidéar-Pioltach-de-Shamhail-Nua-chun-Acmhainni-Teagaisc.pdf>

Sa staidéar píolótach léiríodh go raibh scoileanna in ann obair ar an mbealach seo. Cuireadh in iúl go raibh fonn mór ar na scoileanna a gcuid acmhainní a úsáid chomh héifeachtach agus ab fhéidir chun tacú leis na daltaí.

Tugadh faoi deara freisin go raibh scoileanna sásta triail a bhaint as bealaí nua le comhoibriú a dhéanamh agus le bheith rannpháirteach leis na seirbhísí tacaíochta.

Fuarthas go bhfuil an-chuid cleachtas atá an-mhaith agus nuálach ag tarlú cheana féin i scoileanna agus go raibh cuid mhór scoileanna ag obair cheana féin ar an mbealach seo.

Tá forbairt déanta ag cuid mhór scoileanna ar straitéisí idirghabhála spriocdhírthe chun freastal ar riachtanais daltaí agus chun úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní chun tacú le daltaí, bunaithe ar riachtanais foghlama, mar atá beartaithe sa tsamhail nua.

Sna treoirlínte tugtar tacaíocht do chuid mhór de na dea-chleachtas atá ar siúl cheana féin i scoileanna agus tugtar muintín do scoileanna le bheith ag obair ar bhealaí nua.

5. Conas a dhéanfaidh príomhoidí agus múinteoirí scoileanna cinntí maidir le hoideachas mo linbh?

Tá an measúnú lárnach don dea-theagasc agus baineann múinteoirí úsáid as an measúnú scoilbhunaithe chun riachtanais fhoghlama a scoláirí a aithint.

Baineann scoileanna agus múinteoirí úsáid as a mbreithiúnas gairmiúil féin le cinntí a dhéanamh faoi fhoghlaim a scoláirí agus faoin slí is fearr leis na

hacmhainní teagaisc a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim sin – trí thacaíocht a thabhairt laistigh den rang, tacaíocht i ngrúpaí a thabhairt nó tacaíocht duine le duine a thabhairt. Leanfar lena leithéid a dhéanamh faoin samhail nua.

Fuair scoileanna treoir freisin ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thógann ar an leanúntas treoirlínte tacaíochta agus a chuidíonn le scoileanna leis an úsáid is fearr a bhaint as a n-acmhainní teagaisc breise ar bhealach atá cothrom do na scoláirí agus a chuireann dea-thorthaí chun cinn dóibh.

Is é atá i gceist leis an samhail nua ná go mbeidh na hacmhainní ar fáil do scoileanna chun tacú leis na scoláirí uile a mbíonn cuidiú breise de dhíth orthu gan an riachtanas go ndearnadh diagnóis mhíchumais orthu.

Beidh tuairiscí gairmiúla fós ar fáil do scoláirí áit a bhfuil sé soiléir go bhfuil a leithéid tuairiscí ag teastáil ar chúiseanna sláinte, sóisialta nó oideachais.

Féadfaidh tuismitheoirí a bhfuil ábhar inní acu maidir le leibhéal forbartha a linbh leanúint ar aghaidh agus atreorú a fháil chuig an seirbhís ábhartha le haghaidh measúnaithe chomhairliúcháin agus treorach.

Áit a mbíonn measúnú ag tuismitheoir dá leanbh ina n-áirítear go bhfuil riachtanas speisialta oideachas ar leith aige/ aici, ba chóir dó/ di é seo a chur faoi bhráid na scoile go fóill, mar d'fhéadfadh sé a bheith mar chuidiú don scoil le cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is fearr le tacaíocht a thabhairt don leanbh.

6. Tá diagnóis mhíchumais déanta ar mo mhac cheana féin -an bhfaighidh sé tacaíocht bhreise go huathoibríoch nó an gcoinneoidh sé an tacaíocht atá aige cheana féin?

Gheobhaidh do mhac an tacaíocht faoin samhail nua bunaithe ar an leibhéal riachtanais atá aige i suíomh na scoile. Ag baint úsáide as an bpróiseas leanúnachas scoile, déanfaidh an scoil cinneadh conas a fhreastalófar ar a chuid riachtanas a aithint.

Faoin samhail nua gheobhaidh do leanbh tacaíocht foghlama bunaithe ar a c(h)uid riachtanais seachas ar an diagnóis mhíchumais a rinneadh – mar thoradh

air seo d'fhéadfadh an leibhéal tacaíochta seo a bheith mar an gcéanna, mar thacaíocht bhreise nó mar thacaíocht níos lú.

I gcúrsaí taighde léirítear gur bealach níos fearr é seo le tacaíocht a leithdháileadh mar go n-insíonn an chatagóir mhíchumais fíorbheagán dúinn maidir leis an leibhéal nó cineál tacaíochta atá ag teastáil ó leanbh ar scoil.

Leanfaidh an chuid is mó de leanaí a raibh tacaíocht bhreise á fáil acu roimhe seo faoin samhail leithdháilte a bhí ann roimhe ag fáil tacaíochta ar scoil.

Is féidir, mar sin féin, tacaíocht a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla, ar nós obair i ngrúpaí nó obair aonair.

Cé go bhféadfadh an tslí ina dtugtar tacaíocht athrú ó am go ham, gheobhaidh daltaí a mbíonn tacaíocht fós de dhíth orthu í ar scoil go fóill.

7. Ceapaim gur bhain m'iníon scór amach a bhí faoin meán ar na tástálacha chaighdeánaithe; an bhfaighidh sí tacaíocht faoin samhail leithdháilte nua?

Sa tsamhail nua athraítear an bonn maidir le múinteoirí oideachas speisialta breise a leithdháileadh ar scoileanna.

Den chéad uair, déantar gach scoláire a bhaineann scór amach atá faoin meán (faoi scór STen 4 nó 3) ar thástáil chaighdeánaithe léitheoireachta nó matamaitice, nó ina gcomhionann de ghráid ísealfheidhmíochta an Teastais Shóisearaigh ag an leibhéal iarbhunscoile, a chur san áireamh agus próifíl oideachais iomlán na scoile á chur le chéile agus an riachtanas atá ann do thacaíocht teagaisc bhreise.

Is féidir leat tuilleadh a fhoghlaim faoi cad is scór STen ann agus cad is brí leis ar:

https://www.ncca.ie/media/1408/irish_tip_sheet_standard.pdf

Mar sin féin, tá cúiseanna éagsúla ann a mbainfeadh d'iníon scór amach atá faoin meán ar thástáil chaighdeánaithe. Mar shampla, d'fhéadfadh drochlá a bheith ag d'iníon nuair a rinneadh an tástáil léitheoireachta nó matamaitice a riar nó b'fhéidir nár thuig sí na treoracha don tástáil.

Más rud é gur tharla sé seo, ní thugann toradh na tástála fíorphictiúr den chumas atá aici. Ar an lámh eile d'fhéadfadh fíordheacracht a bheith ag d'iníon leis an léitheoireacht nó leis an matamaitic a aimsíodh i dtoradh na tástála caighdeánaithe.

Dá bhrí sin, is é an chéad rud atá le déanamh ag an scoil ná an chúis maidir le scór d'iníne ar an tástáil chaighdeánaithe a aimsiú. Déanfar é seo trí athbhreithniú a dhéanamh ar a cuid oibre agus an idirghabháil i gcoitinne a dhéanann sí sa rang, labhairt leis na múinteoirí a bhí aici roimhe seo agus lena tuismitheoirí agus a scór reatha a chur i gcomparáid leis na scóir a bhain sí amach roimhe seo agus le torthaí tástála eile.

Más rud é, tar éis tuilleadh fiosraithe a dhéanamh, go socraíonn an scoil gur tharla scór íseal d'iníne de bharr riachtanais nó deacrachta foghlama ar leith, ansin rachaidh an scoil i dteagmháil leat maidir leis na bealaí is fearr le tacú le foghlaim d'iníne.

Cuidíonn torthaí na dtástálacha caighdeánaithe le do scoil riachtanais foghlama d'iníne a aithint agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil di.

8. Conas a thiocfaidh mo leanbh ar thacaíocht ghairmiúil nó ar mheasúnú áit a mbíonn sé seo ag teastáil?

Sa tsamhail nua tugtar isteach bealach nua le múinteoirí breise a leithdháileadh ar scoileanna. Níl i gceist an tslí a athrú ina mbíonn fáil ag leanaí ar thacaíocht ghairmiúil nó ar mheasúnú áit a mbíonn sé seo ag teastáil.

Tá teacht ag scoileanna ar an Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) le haghaidh comhairliúcháin, measúnaithe agus tacaíochta. Tá tuilleadh eolais ar fáil sa bhileog do thuismitheoirí de chuid an NEPS:

https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/neps_parent_leaflet_ir.pdf

Beidh measúnú agus tacaíocht ghairmiúil eile fós ar fáil trí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

9. Leis an samhail nua ciallaíonn sé gur féidir le gach scoil an cinneadh a dhéanamh í féin cé mhéad tacaíochta a fhaigheann mo leanbh. Cad a tharlaíonn mura n-aontaím, mar thuismitheoir, leis an leibhéal tacaíochta atá á thabhairt do mo leanbh?

Bhí ról ag na scoileanna i gcónaí le cinneadh a dhéanamh maidir leis an leibhéal tacaíochta a cuireadh ar fáil do leanaí a raibh deacrachtaí foghlama áirithe agus riachtanais speisialta oideachais áirithe acu e.g. disléicse.

Tá a fhios againn go bhfuil scoileanna in ann é seo a dhéanamh go maith. Cuirfear leis seo chun na riachtanais speisialta oideachais uile a chlúdach. Leis an gcatagóir mhíchumais amháin, ní aithnítear cé mhéad tacaíochta ba chóir do leanbh a fháil – d'fhéadfadh leibhéal tacaíochta atá go hiomlán difriúil a bheith ag teastáil ó bheirt scoláire a bhfuil an míchumas céanna acu.

Baineann scoileanna úsáid as a gcuid eolais faoina scoláirí le tacaíochtaí teagaisc a leithdháileadh agus is féidir leo iarraidh ar líon leathan de sheirbhísí tacaíochta cuidiú leo.

Faoin samhail nua, leanfaidh scoileanna ag fáil treorach nuair atá siad ag déanamh cinntí maidir le tacú le riachtanais foghlama na scoláirí.

Faoin samhail nua, moltar do scoileanna sna Treoirínte dul i ngleic le planáil oideachais, monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn san áireamh, lena chinntiú go bhfuil an leibhéal cuí tacaíochta á thabhairt don leanbh. Mar thoradh air seo cuirtear an próiseas is fearr ar fáil le cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál agus leibhéal tacaíochta d'aon dalta ar leith.

Ach, in ainneoin na mbeartas seo, b'fhéidir go mbeadh ábhair imní agat, mar thuismitheoir, maidir leis an leibhéal tacaíochta atá á thabhairt do do leanbh.

Sa chás sin ba chóir duit é seo a phlé ar dtús le múinteoir ranga/ ábhair do linbh nó lena m(h)úinteoir tacaíochta. Ba chóir duit na fadhbanna seo a phlé le príomhoide na scoile freisin agus más gá níos déanaí má bhíonn ábhair imní fós agat, le Cathaoirleach do Bhoird Bhainistíochta.

10. An mbeidh ar mhúinteoirí pleananna tacaíochta a fhorbairt agus an mbeidh orthu rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a fháil i dtaca leo?

Beidh. Moltar go ndéanann scoileanna pleananna tacaíochta a fhorbairt do scoláirí a bhfuil tacaíocht bhreise á fáil acu. Faoi láthair, cuireann go leor múinteoirí de scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu pleananna foghlama aonair le chéile dá scoláirí, agus i gcuid mhór cásanna bíonn na tuismitheoirí rannpháirteach leis na spriocanna agus bealaí inar féidir leo tacú le foghlaim a leanáil a chomhaontú.

I bpleananna tacaíochta na scoláirí tá eolas faoi spriocanna atá leagtha amach, an dul chun cinn go dtí seo, agus na torthaí foghlama. Baineann múinteoirí úsáid as an Leanúntas Tacaíochta, Comhaid Tacaíochta do Scoláirí san áireamh, leis an measúnú, pleanáil, teagasc agus athbhreithniú a threorú. Leanfaidh scoileanna leis an gcleachtas seo faoin samhail nua.

Ba chóir go mbeadh an leibhéal mionsonraí i bplean tacaíochta an scoláire mar an gcéanna le leibhéal riachtanas foghlama an scoláire. Mar shampla, ba chóir go mbeifí ag súil le níos mó mionsonraí sna pleananna foghlama don scoláire ar gá aird a thabhairt dó/ di i ngrúpa beag nó go haonair, agus le níos lú mionsonraí do scoláire a fhaigheann tacaíocht laistigh den rang amháin. Ba chóir go mbeadh tuismitheoirí agus scoláirí rannpháirteach, chomh fada agus is féidir, agus an plean á fhorbairt.

11. An gcoimeádfar acmhainní ag na leibhéil atá ann cheana féin?

Tá acmhainní á méadú. Rinneadh 900 post teagaisc breise a leithdháileadh ar scoileanna chun tacú leis an samhail teagaisc oideachas speisialta nua atá á tabhairt isteach agus lena chinntiú nach mbíonn laghdú ag scoil ar bith ina leithdháileadh.

Is é atá i gceist leis an samhail nua ná bealach níos fearr agus níos córa a chur ar fáil leis na poist múinteoirí oideachas speisialta a dháileadh ar scoileanna. Níl

an leithdháileadh laghdaithe do scoil ar bith, agus fuair níos mó ná 1300 scoil leithdháiltí breise bunaithe ar phróifílí a scoile.

12. Cad a tharlaíonn má thagann níos mó scoláirí a bhfuil riachtanais oideachas speisialta níos casta acu chuig scoil mo linbh agus na poist mhúinteora ar fad leithdháilte?

I do scoil beidh an leibhéal céanna acmhainní teagaisc breise i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain.

Dúirt na scoileanna linn nach mbíonn mórán athraithe i gcoitinne ina bpróifíl thar an tréimhse ama seo agus go gcuireann siad fáilte roimh an seasmhacht a thabharfar do scoileanna leis an dá bhliain leithdháilte atá socraithe ó thaobh foireann a sholáthar.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun riachtanais na scoileanna a mheas a bhfuil leibhéal an-suntasach den fhás a tharlaíonn gach bliain i líon a scoláirí.

Mar sin féin, leis an samhail nua beifear in ann roinnt tacaíochta breise a chur ar fáil do scoileanna ina dtagann cásanna nach raibh pleanáilte nó eisceachtúla chun cinn, nach bhféadfaí a bheith ag súil leo i bpróifíl oideachais na scoile.

Tabharfar tacaíocht do scoileanna lena leithdháiltí teagaisc oideachas speisialta a bhainistiú ar dtús ach oiliúint nó cabhair bhreise a chur ar fáil.

Ní bheadh gá le leithdháileadh breise d'uaireanta a chur ar fáil don scoil ach amháin i gcásanna atá an-eisceachtúil, áit ar féidir a léiriú gur athraigh próifíl na scoile go mór ó rinneadh an leithdháileadh ar an scoil.

13. Mura bhfaigheann an scoil acmhainn bhreise do mo leanbh an mbeidh sí fós in ann mo leanbh a rollú?

Beidh. Rinneadh na scoileanna uile a thús-ualú le múinteoirí riachtanais speisialta oideachais bunaithe ar phróifíl a scoile. Ciallaíonn sé seo go bhfuil dóthain acmhainní ag na scoileanna uile le tacaíocht teagaisc bhreise a chur ar fáil do dhaltaí a mbíonn sé de dhíth orthu ar scoil, iontrálaithe nua san áireamh.

Tá leithdháiltí na múinteoirí oideachas speisialta á gcur ar fáil ar an mbonn nach ndiúltófar leanbh ar bith a rollú ar na cúiseanna nach bhfuil dóthain acmhainní teagaisc ag an scoil sin le freastal ar riachtanais an linbh sin.

Má dhiúltaítear do leanbh a rollú i scoil is féidir leat achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh seo chuig Coiste Achomhairc d'Alt 29. Tá na sonraí maidir leis an slí inar féidir leat achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh seo ar fáil ar:

<https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Seirbhísí/Achomharc-in-aghaidh-Eisiamh-Buan-Fionraí-nó-Diúltú/Eolas.html>

14. Cén t-athdhearbhú is féidir a thabhairt do thuismitheoirí go n-oibreoidh an tsamhail leithdháilte nua?

San athbhreithniú ar an gclár píolótach den tsamhail leithdháilte nua a rinne Cigireacht an ROS léiríodh go n-oibríonn an tsamhail leithdháilte nua.

Bhain ceann amháin de na teachtaireachtaí atá an-tábhachtach sa tuarascáil leis an mbuairt ar leith a bhí ann nach dtuigfeadh thuismitheoirí a raibh uaireanta acmhainne leithdháilte ar a leanaí roimhe seo dá mba rud é go raibh athrú ar an mbealach ina mbeadh tacaíocht curtha ar fáil dá leanbh ar scoil nó mura bhfuair a leanaí an leithdháileadh iomlán de na huaireanta acmhainne aonair ar bhonn duine le duine.

Is é fírinne an scéil nár tharla sé seo. D'inis príomhoidí scoileanna don Chigireacht gur thuig na tuismitheoirí, i mbeagnach gach cás, an bealach ina raibh an scoil ag baint úsáide as a hacmhainní nuair a míníodh agus nuair a pléadh é seo leo. An rud tábhachtach ná gur tuigeadh riachtanais a linbh agus go raibh na hidirghabhálacha cuí á gcur i bhfeidhm ar scoil.

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an NCSE iarracht a chinntiú go raibh na scoileanna agus na príomhoidí ullamh leis an samhail nua a thabhairt isteach ach treoirlínte cuimsitheacha a chur ar fáil a dhearadh le cuidiú le scoileanna na leanaí a aithint a mbíonn tacaíocht agus aird bhreise de dhíth orthu.

Cé go gcuireann na Treoirlínte an treoir riachtanach ar fáil do phríomhoidí le cinntí maithe a dhéanamh, tá sé tábhachtach freisin go mbíonn scoileanna i dteagmháil le tuismitheoirí maidir le riachtanais a leanaí, maidir leis na tacaíochtaí atá á gcur ar fáil agus nuair a dhéantar athbhreithniú ar an dul chun cinn.

15. Conas ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí?

Leis na Treoirlínte do Scoileanna ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu cuirtear treoir ar fáil do scoileanna ar an slí inar chóir dóibh dul i dteagmháil le tuismitheoirí maidir leis an samhail leithdháilte nua.

Gné thábhachtach den tsamhail leithdháilte athbhreithnithe is ea go bhfuil tacaíochtaí teagaisc breise á gcur ar fáil de réir na riachtanas aitheanta atá acu, seachas a bheith bunaithe ar an diagnóis mhíchumais.

Mar thoradh air seo bíonn solúbthacht níos fearr ag scoileanna sa tslí ina ndéanann siad acmhainní teagaisc oideachas speisialta a leithdháileadh.

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn cumarsáid agus teagmháil éifeachtach le tuismitheoirí chun bogadh i dtreo cur chuige atá bunaithe ar riachtanais maidir le leithdháileadh acmhainní teagaisc breise.

Cuirtear leis seo nuair a bhíonn teagmháil le tuismitheoirí maidir le riachtanais a linbh, an plean tacaíochta agus nuair a bhíonn baint acu leis na hathbhreithnithe rialta ar an dul chun cinn.

Sna Treoirínte moltar do scoileanna gur gné thábhachtach í an dea - rannpháirtíocht ó tuismitheoirí chun feabhas a chur ar na torthaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Ba chóir go n-aithneodh scoileanna é seo agus feictear é seo i gcuid mhór de na dea-chleachtais agus dea-thionscnaimh a úsáideann scoileanna le rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur chun cinn. Cuirtear le rannpháirtíocht tuismitheoirí nuair a bhíonn teagmháil déanta le tuismitheoirí maidir le riachtanais agus láidreachtaí a leanaí, ar na tacaíochtaí agus straitéisí atá á bhforbairt chun tacú lena leanaí, agus nuair a bhíonn baint acu le hathbhreithnithe rialta ar an dul chun cinn.

Leis an bpróiseas Leanúntas Tacaíochta agus úsáid na pleanála trí na Comhaid Tacaíochta do Scoláirí, cuirtear deiseanna fiúntacha ar fáil le bheith rannpháirteach le tuismitheoirí agus le go mbeidh scoileanna agus tuismitheoirí in ann obair i gcomhar lena chéile chun freastal ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Chomh maith le comhairliúchán a dhéanamh maidir le riachtanais ar leith a linbh, bíonn meas ag tuismitheoirí ar eolas maith a fháil maidir leis an nádúr agus leis an gcineál soláthair riachtanas speisialta oideachais atá ar fáil sa scoil.

Ba chóir do scoileanna, chomh fada agus is féidir, teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nuair a bhíonn polasaithe a bhaineann le hoideachas a leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu á bhforbairt agus á n-athbhreithniú acu.

Mar thoradh ar seo cuidítear le tuismitheoirí cuir chuige na scoile a thuiscint agus bíonn siad in ann tacaíocht níos fearr a thabhairt dá leanaí agus iad ag aistriú tríd an scoil. Bíonn tairbhí ann dá bharr do scoileanna freisin mar d'fhéadfadh tuismitheoirí comhairle úsáideach a chur ar fáil maidir le riachtanais a linbh.

